



An Bhruiséil, 17 Nollaig 2020
(OR. en)

14198/20

CLIMA 362
ENV 829
FIN 975
ENER 509
TRANS 618
IND 281
COMPET 649
MI 588
ECO 65

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	13601/20
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal The EU's Emissions Trading System: free allocation of allowances needed better targeting [Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais: gá le spriocdhíriú níos fearr ar leithdháileadh saor in aisce ar liúntais] - Formheas

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, mar fhaisnéis, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid thuas, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Comhshaol) iad ag an gcuinniú a bhí aici an 17 Nollaig 2020.

Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal

The EU's Emissions Trading System: free allocation of allowances needed better targeting

[Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais: gá le spriocdhíriú níos fearr ar leithdháileadh saor in aisce ar liúntais]

- Conclúidí ón gComhairle -

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MEABHRÚ DI na conclúidí uathí maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh¹,

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The EU's Emissions Trading System: free allocation of allowances needed better targeting* [Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais: gá le spriocdhíriú níos fearr ar leithdháileadh saor in aisce ar liúntais];
2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta;
3. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT ról Scéim an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí mar bhunchloch de bheartas aeráide an Aontais agus a ról lárnach in astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach; TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar an toradh i dTuarascáil 2020 ar Staid an Aontais Fuinnimh² gur laghdaigh go mór, le cúig bliana anuas (2015-2019), astaíochtaí ó shuiteálacha do-aistrithe a chumhdaítear le Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí agus gurb í an earnáil cumhachta is mó a spreag an treocht sin, agus gur laghdaigh astaíochtaí na tionsclaíochta freisin, go háirithe in 2019;

¹ 7515/00 + COR 1

² 11871/20 - COM (2020) 950 final.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an toradh atá sa Tuarascáil Speisialta gur tháinig laghdú níos lú ar dhéine carbóin in earnálacha cumhachta na dtíortha a bhain úsáid as saor-leithdháileadh idirthréimhseach ar an earnáil seo ná mar a tháinig i mBallstáit eile le linn na tréimhse 2008 go 2017; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cuireadh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun cinn, áfach, leis an saor-leithdháileadh idirthréimhseach ar earnáil na cumhachta, mar a léirítear sna tuarascálacha fíorúcháin ar laghduithe astaíochtaí ó infheistíochtaí a rinneadh arna dtíolacadh ag na Ballstáit; ina theannta sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur forbraíodh na rialacha maidir le saor-leithdháileadh idirthréimhseach ar earnáil na cumhachta a thuilleadh do chéim 4; MEABHRAÍTEAR DI nach bhfuil sé beartaithe ach ag trí cinn de dheich mBallstát incháilithe, faoi chéim 4, saor-leithdháileadh idirthréimhseach a chur ar fáil do shuiteálacha ina n-earnáil cumhachta; ina theannta sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an cinneadh a rinne roinnt Ballstát cuid de na lamháltais nó na lamháltais ar fad a d'fhéadfaí a leithdháileadh saor in aisce ar shuiteálacha ina n-earnáil cumhachta i gcéim 4 a aistriú chuig an gCiste don Nuachóiriú;
5. MEABHRAÍTEAR DI go bhforáiltear le Treoir 2003/87/CE (Treoir an Aontais maidir le Trádáil Astaíochtaí)³ do shaor-leithdháileadh idirthréimhseach ar shuiteálacha in earnálacha agus i bhfo-earnálacha ina bhfuil fíor-riosca sceite carbóin chun sochar comhshaoil na laghduithe astaíochtaí san Aontas a chaomhnú agus, ag an am céanna, nach gcuireann gníomhaíochtaí tríú tíortha dreasachtaí inchomparáide ar fáil don earnáil tionsclaíochta chun astaíochtaí a laghdú;
6. AONTAÍONN SÍ faoina thábhachtaí atá saor-leithdháileadh spriocdhírthe; TARRAINGÍONN SÍ AIRD AIR go bhforáiltear cheana féin d'fheabhsuithe i ndáil leis an méid sin le hathchóiriú Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS) mar ullmhúchán dá cheathrú tréimhse trádála ó 2021 go dtí 2030 ('céim 4'); CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur leasaíodh an córas saor-leithdháilte nuair a athbhreithníodh Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí do chéim 4⁴, rud a d'fhág go raibh líon níos lú earnálacha ann a measadh a raibh fíor-riosca sceite carbóin iontu; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb ionann fós an liosta laghdaithe seo earnálacha do chéim 4 agus níos mó ná 90% de na hastaíochtaí iomlána ó shuiteálacha tionsclaíocha i Scéim an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí sa tréimhse ó 2013 go 2016;

³ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, arna leasú (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁴ Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).

7. AITHNÍONN SÍ a ábhartha atá na cumais éagsúla chun costais charbóin a chur faoi bhealach in earnáil na heitlíochta agus in earnálacha na tionsclaíochta; TUGANN SÍ DÁ hAIRE toradh na Tuarascála Speisialta gur ghnách gur bhain leithdháileadh lamháltas saor in aisce d'earnáil na heitlíochta le haerthaisteal seachas taisteal d'iarnród laistigh den Aontas; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún atá ag an gCoimisiún féachaint ar roghanna le haghaidh saor-leithdháileadh níos spriocdhírithe mar chuid den mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, féachaint ar roghanna chun an saor-leithdháileadh in earnáil na heitlíochta a laghdú; CUIREANN SÍ I bhFÍOS gur gá machnamh a dhéanamh ar thionchar na roghanna sin ar dhícharbónú, ar an ioncam a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant agus ar fheidhmiú mhargadh inmheánach an Aontais;
8. AITHNÍONN SÍ a ábhartha atá sé an comhartha maidir le praghas carbóin a chaomhnú ar fud an tslabhra luacha; IS DÍOL SÁSAIMH DI, i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, go bhféachfaidh an Coimisiún ar roinnt roghanna beart chun sceitheadh carbóin a chosc, agus TÁ SÍ AG SÚIL le plé a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún, lena n-áirítear togra le haghaidh sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, go hiomlán comhoiriúnach le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, atá beartaithe a thíolacadh sa chéad seimeastar de 2021 d'fhonn a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023 ar a dhéanaí;
9. AONTAÍONN SÍ go bhfuil feabhas ag teacht de réir a chéile, a bhuí leis an tagarmharcáil, ar dhreasachtaí chun astaíochtaí a laghdú; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS na feabhsuithe a rinneadh ar an modheolaíocht le haghaidh tagarmharcanna mar ullmhúchán do chéim 4, i.e. nuashonrú na luachanna tagarmhairc le haghaidh saor-leithdháilte chun dul chun cinn teicneolaíoch a léiriú agus an coigeartú tréimhsiúil ar leithdháiltí le freagairt níos fearr do mhéideanna iarbhir táirgeachta; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le trédhearcacht sa mhodheolaíocht do thagarmharcanna a mhéadú a thuilleadh; MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint ar bhealaí le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar mhodheolaíocht tagarmharcála, lena n-áirítear maidir le hastaíochtaí ó ionchuir chuig na próisis táirgeachta;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCoimisiún critéir inbhuaine nua RED-II agus critéir GCT maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh astaíochtaí bithmhaise ráta nialasaigh i Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí i gcomhthéacs leasuithe ar Rialachán AE maidir le Trádáil Astaíochtaí maidir le Faireachán agus Tuairisciú;
11. AONTAÍONN SÍ faoina thábhachtaí atá trédhearcacht maidir leis na dreasachtaí d'earnálacha tionsclaíochta a fhaigheann lamháltais saor in aisce chun dícharbónú, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról atá ag Beartha Cur Chun Feidhme Náisiúnta na mBallstát feabhas a chur ar infhaighteacht na faisnéise sin i gcéim 4;
12. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, faoi mhí an Mheithimh 2021, athbhreithniú a dhéanamh agus leasú a mholadh, i gcás inar gá sin, ar reachtaíocht a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí.
